

BP-26-089

**Miontuairiscí Cruinnithe Boird Bhord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire
(BOOÁCDL)**

Dáta: 15 Meitheamh 2026

Am: 4:30 pm

Ionad: Ceannoifig BOOÁCDL agus MS Teams

I láthair:

Charlotte O'Donovan, Claire McGing, Colm Kilgallon, an Comhairleoir Angela Donnelly, an Comhairleoir Dean Mulligan, an Comhairleoir Jacqueline Burke, an Comhairleoir Michael Clark, an Comhairleoir Mick Duff (Cathaoirleach), an Comhairleoir Thomas Joseph, an Comhairleoir Yvonne Collins, Dara Fitzpatrick, David O'Connell, Ken Farrell, Sarah Widaa, Wayne Carey, John Walsh

Leithscéalta: An Comhairleoir Eimear CarboneMangan, an Comhairleoir Pamela Kearns, Brigid Manton, an Comhairleoir Vicki Casserly, Mark McDonald, Stiúrthóir Scoileanna

As láthair:

I láthair:

Caitríona Murphy, Príomhfheidhmeannach; Paul Turner, Stiúrthóir Thacaíocht agus Fhorbairt na hEagraíochta; Joanne McCloskey, Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna; Thea Jordan, Oifigeach Gnóthaí Poiblí; Maja Eisenbart, Rialachas; Mairead Walsh, Ceannasaí na Cistíochta; Ross Lynam, Ceannasaí Foirgneamh agus Tionscadal Caipitil; Nichola Spokes, Stiúrthóir Scoileanna; Claire O'Sullivan, Ceann Inbhuanaitheachta Eastáit; Paul Byrne, Ceannasaí TF

Cáipéisíocht:

Uaslódáilte go Leictreonach

Fáilte

Chuir an Cathaoirleach, an Clr Mick Duff, fáilte roimh na comhaltaí chuig an gcrúinniú.

1. Leithscéalta/Comhbhrón

Tugadh leithscéalta faoi deara.

Rinneadh comhbhrón le teaghlach gach ball foirne ar cailleadh duine muinteartha leo ó bhí an cruinniú deiridh ann.

2. Dearbhú Coinbhleachta Leasa

Níor dearbhaíodh aon choinbhleachtaí.

3. Nithe atá le Réiteach ag an mBord

3.1 Miontuairiscí

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe a bhí roimhe seo ar an 8 agus an 18 Bealtaine 2026.

Molta ag: Wayne Carey **Tacaithe ag:** Colm Kilgallon

3.2 Ceapacháin Chomhaltaí ar Bhoird Bhainistíochta

- Ag lorg ainmniúcháin amháin d'ionadaí BOO ar Bhord Bainistíochta Phobalscoil Thamhlachta. Thairg David O'Connell é féin agus glacadh leis.

Molta ag: Wayne Carey **Tacaithe ag:** John Walsh

- Ag lorg ainmniúcháin amháin d'ionadaí BOO ar Bhord Bainistíochta Choláiste Pobail Pháirc Bhaile Choilín. Curtha ar athlá go dtí cruinniú Boird i mí Mheán Fómhair.

- Ag lorg ainmniúcháin amháin d'ionadaí BOO ar Bhord Bainistíochta Choláiste Breisoideachais an Naigín.
- Thairg an Clr Michael Clark é féin agus glacadh leis.

Molta ag: An Clr John Walsh **Duine a thacaigh leis:** An Clr. Jacqueline Burke

3.3 Coistí an Bhoird

Caithfidh na coistí féin miontuairiscí na gCoistí Airgeadais, Iniúcháireachta agus Riosca a fhorghnó. Le scaipeadh le haghaidh faomhadh ag cruinniú Boird i mí Mheán Fómhair.

3.4 Éilimh ó Chomhaltaí an Choiste

Iarradh ar bhaill aon éilimh atá fós le réiteach a chur isteach.

3.5 Tuarascáil Bhliantúil 2026 & Tuarascáil an Chathaoirligh

D'fhaomh na baill an Tuarascáil Bhliantúil agus tuarascáil an Chathaoirligh 2026.

Molta ag: An Clr John Walsh **Duine a thacaigh leis:** David O'Connell

4. Nithe le tabhairt ar aird ag an mBord

4.1 Comhfhreagras ón Roinn – Ciorcláin - Tugtha ar aird

4.2 Ionaid Dhá Fheidhm agus Maoiniú

Thug an Príomhfheidhmeannach an t-eolas is déanaí maidir le maoiniú na n-ionad dhá fheidhm, agus chuir sí an Bord ar an eolas go bhfuil ionadaí ainmnithe ag an ROÓ chun tacú le BOOÁCDL i mbainistíocht tionscadail an dul chun cinn sin. Leanann BOOÁCDL agus an ROÓ ar aghaidh ag obair i dtreo múnla maoinithe inbhuanaithe do na hionaid. Cuirfear tuilleadh eolais ar fáil ag cruinniú mhí Mheán Fómhair.

4.3 Nuashonrú ar Scoileanna Speisialta

Thug Stiúrthóir na Scoileanna eolas mionsonraithe nua don Bhord maidir leis na Pobalscoileanna Speisialta. Cuireadh in iúl don Bhord go raibh an Stiúrthóir i láthair ag Pobalscoil Speisialta Bhéal Maighne le cúpla seachtain anuas ag tabhairt tacaíochta don fhoireann maidir le hoibríochtaí laethúla

na scoile. Dearbhaíodh don Bhord go bhfuil na scoláirí fós sábháilte agus go bhfuil na tuismitheoirí sásta leis an obair a dhéanann an fhoireann ag Béal Maighne.

Tá tús curtha leis an bpróiseas earcaíochta do na 5 Scoil Speisialta, agus leanfaidh sé ar aghaidh i rith mhíonna an tsamhraidh. Luadh go n-osclofar Pobalscoil Speisialta Iarthar na Cathrach nua sa bhliain acadúil seo chugainn le 4 rang, mar aon le 3 rang i bPobalscoil Speisialta Bhaile Brigín nua. Ina theannta sin, leathnófar na pobalscoileanna speisialta atá ann cheana, Pobalscoil Speisialta Danú agus Pobalscoil Speisialta Bhéal Maighne, agus beidh 4 rang bhreise iontu araon, agus leathnófar Pobalscoil Speisialta Leamhcán agus beidh 3 rang bhreise inti. Cheadaigh ROÓ earcaíocht 5 chúntóir riachtanas speisialta breise.

Cuireadh inní in iúl maidir le cumas BOOÁCDL freastal ar an éileamh ard reatha ar áiteanna i scoileanna speisialta. Tá BOOÁCDL ag obair leis an CNOS, ach tugadh faoi deara go sáraíonn an ráchairt ar áiteanna i scoileanna speisialta na háiteanna atá ar fáil faoi láthair.

Luaigh an Príomhfheidhmeannach agus an Stiúrtóir gur ábhar mór inní faoi láthair é soláthar foirne do Scoileanna Speisialta BOOÁCDL. Tá an plé leis an ROÓ agus an CNOS fós ar siúl maidir le hacmhainní a chur ar fáil do na scoileanna speisialta. Leanann BOOÁCDL de bheith i mbun plé leis an CNOS maidir le riachtanais aonair na scoláirí a thosóidh i mí Mheán Fómhair 2026.

4.4 Cur i láthair Inbhuanaitheachta

Thug Ceannasaí Inbhuanaitheachta cur i láthair don Bhord maidir le tionscnaimh inbhuanaitheachta agus éifeachtúlachta fuinnimh laistigh de BOOÁCDL. Sa chur i láthair, tugadh forbhreathnú ar astaíochtaí ar fud eastát na heagraíochta, lena n-áirítear foirgnimh scoile agus ionaid oiliúna níos sine, a chuireann go mór le tomhaltas fuinnimh agus le hastaíochtaí faoi láthair. Rinne comhaltaí an Bhoird trácht ar na dúshláin a bhaineann le feidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh sin a fheabhsú. Phléigh siad freisin na bearta a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun dul i ngleic le tomhaltas fuinnimh níos airde, chomh maith leis na himpleachtaí maoinithe a bhaineann leo. Rinne an Bord tagairt don nuashonrú agus don obair atá fós ar siúl sa réimse sin.

4.5 Cur i láthair ar Chibearshlándáil

Thug Ceannasaí TFC agus Oifigeach Cibearshlándála BOOÁCDL cur i láthair don Bhord maidir le cibearshlándáil laistigh de BOOÁCDL. Thug an cur i láthair forbhreathnú ar thórdhreach cibearshlándála na heagraíochta, lena n-áirítear an timpeallacht bhagartha reatha, na bearta slándála atá i bhfeidhm, agus na tionscnaimh atá fós ar siúl chun an fhoireann, na foghlaimeoirí agus córais na heagraíochta a chosaint. Phléigh an Bord na dúshláin a bhaineann leis an riosca cibearshlándála atá ag athrú i gcónaí, lena n-áirítear an tábhacht a bhaineann le hacmhainní agus maoiniú cuí TFC a choinneáil chun tacú le cibear-athléimneacht na heagraíochta. Rinne an Bord tagairt don nuashonrú agus na bearta atá i bhfeidhm faoi láthair chun rioscaí cibearshlándála a bhainistiú.

4.6 Forbairt Straitéise – Misean agus Fís

Curtha siar go dtí an cruinniú i mí Mheán Fómhair.

4.7 Comhdháil BOOÉ – 15 Deireadh Fómhair 2026

Cuireadh in iúl do Chomhaltaí an Bhoird ar mian leo freastal ar Chomhdháil BOOÉ go bhfuil an dáta socraithe don 18 Deireadh Fómhair 2026.

4.8 2026 / 2027 Féilire na gCruinnithe

Socraíodh dátaí na gcruinnithe don bhliain seo chugainn:

- 21 Meán Fómhair 2026
- 19 Deireadh Fómhair 2026
- 16 Samhain 2026
- 18 Eanáir 2027
- 24 Feabhra 2027
- 24 Márta 2027
- 17 Bealtaine 2027
- 21 Meitheamh 2027

5. Nithe Curtha Isteach ag an bhFeidhmeannas

5.1 Tuarascálacha ón bPríomhfheidhmeannach

Scaipeadh tuarascálacha an Phríomhfheidhmeannaigh agus an Stiúrthóra i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus cuireadh i láthair an bhoird ó bhéal iad.

Chuir an Bord imní in iúl maidir le diúltú an ROÓ cead a thabhairt chun foireann nua a earcú in áit fhostaithe atá ag imeacht. Cuirfear tuilleadh eolais maidir leis sin ar fáil ag cruinniú mhí Mheán Fómhair. Iarradh nuashonrú maidir leis an Institiúid Uaireolaíochta. Luadh go bhfuil an Institiúid fós faoi chúram an ROÓ, ach déanfaidh BOOÁCDL fiosrúchán foirmiúil maidir leis an Institiúid Uaireolaíochta a aistriú go buan chuig BOOÁCDL.

Luadh go bhfuil an cheist maidir leis an láthair le haghaidh Choláiste na Todhchaí a fháil fós ar siúl. Cuirfear tuilleadh eolais ar fáil i mí Mheán Fómhair.

5.2 Tuarascáil Airgeadais

- **Tuarascáil Airgeadais Mhíosúil**

Scaipeadh tuarascáil airgeadais i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus thug an Bord faoi deara í. Chuir Mairéad Walsh an Tuarascáil Airgeadais faoi bhráid an Bhoird.

Luadh go bhfuil gach deontas díreach ar an sprioc agus go gcaithfear iad. Tá BOOÁCDL ag fanacht le tuilleadh treoracha ón ROÓ maidir leis an gcaoi le dul ar aghaidh leis an gcuid eile den mhaoiniú BOO COVID-19.

5.3 Tuarascáil Foirgneamh

- **Tuarascáil Foirgnimh Mhíosúil**

Scaipeadh an tuarascáil foirgneamh i bpacáiste an Bhoird roimh an gcruinniú agus thug an Bord ar aird í.

Chuir Ross Lynam an tuarascáil faoi bhráid an Bhoird. Níl aon fhadhbanna ag teacht chun cinn.

5.4 Próifíl Foirne

Ceapacháin agus arduithe céime; scoir - Tugtha faoi deara

5.5 Beartais

- **Bainistíocht Riosca/Clár**

Chuir Stiúrthóir TFE an Bord ar an eolas nár tháinig aon athrú ar an gclár ón gcruinniú deireanach, agus go gcuirfear an t-athbhreithniú do R2 i láthair ag an gcruinniú i mí Mheán Fómhair.

- **Beartais le tabhairt faoi deara**

Tugtha faoi deara.

6. Nithe Curtha Isteach ag an mBord

6.1 Ag lorg soiléiriú práinneach ón ROÓ maidir leis an amlíne d'aistriú Choláiste Pobail Ériu ó Pháirc Hans go Ráth an Alabhóidigh, chomh maith le deimhniú ar:

1. Má fhanann aistriú den sórt sin mar bheartas de chuid na roinne
2. Cathain a tharlóidh an t-aistriú sin.

Ardaíodh imní maidir le todhchaí Choláiste Pobail Ériu, mar tá an líon ar an rolla sa scoil fós íseal, in ainneoin na hoibre inmholta a rinne an fhoireann. Chuir an POF an Bord ar an eolas gurb é 2028 an amlíne shealadach don aistriú. Tá an cheist a bhaineann leis an aistriú sin faoi chúram an ROÓ, agus táthar ag súil le freagra sna seachtainí amach romhainn. Cuirfear tuilleadh sonraí ar fáil ag an gcruinniú i mí Mheán Fómhair.

7. Dáta an Chéad Chruinniú Eile: 21 Meán Fómhair 2026 @ 4.30pm (i bpearsa)